

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000

CUNTASAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL
(400 marc)

DÉ MÁIRT, 13 MEITHEAMH, 2000 - IARNÓIN, 2.00 p.m. – 5.00 p.m.

Ta an páipéar seo roinnte i 3 roinn :

Roinn 1 : Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Ta 4 cheist sa roinn seo (uimhreacha 1 - 4). Ta 120 marc ag dul don chéad cheist agus tá 60 marc an ceann ag dul do na trí cheist eile.

Ba chóir d'iarrthóirí **Ceist 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **dhá** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo.

Roinn 2 : Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).

Tá trí cheist sa roinn seo (uimhreacha 5 – 7). Tá 100 marc ag dul do gach aon cheist.

Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt.

Roinn 3 : Cuntasaíocht Bhainisteoireachta (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ag dul do gach aon cheist. Ba chóir d'iarrthóirí **CEANN AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Áireamhain

Is ceadmhach áireamhain a úsáid agus ceisteanna ar an bpaipéar seo á bhfreagairt; tá sé an-tábhachtach, afach, go dtaispeánfadh iomathóirí a gcuid oibríthe sa leabhar freagraí/ sna leabhair freagraí sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt mar gheall ar obair cheart.

ROINN 1 (120 Marc)
Freagair Ceist 1 NÓ DHÁ cheist ar bith eile

1. Cuntas Críochnaithe Trádálaí Aonair

Tógadh na hiarmheideanna seo a leanas as leabhair B. Saddler, Trádálaí Aonair ar 31/12/1999.

	£	£
Foirgnimh.....	280,000	
Mótarfheithiclí ar chostas.....	130,000	
Dímheas Carnaithe ar Mhótarfheithiclí.....		52,000
Trealamh Oifige ar chostas.....	21,000	
Dímheas Carnaithe ar Threalamh Oifige.....		6,000
Paitinní.....	40,000	
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe.....	32,000	45,000
Caipiteal 1/1/1999.....		327,500
Iasacht Théarmach a fuarthas ar 1/4/1999.....		100,000
Ceannacháin agus Díolacháin.....	420,000	575,000
Iompar.....	9,000	
Pá agus Tuarastal.....	95,000	
Stoic 1/1/1999.....	53,000	
Aischur isteach.....	5,000	
Aischur amach.....		2,800
Páipéarachas.....	1,500	
Soláthar Dhrochfhiacha.....		1,400
Coimisiún.....		2,300
Tarraingtí.....	15,000	
Speansais Ghinearálta.....	25,000	
Speansais an tSeomra Taispeántais.....	3,000	
Fógraíocht.....	5,600	
Lascaine.....		1,900
Ús iasachta íochta.....	2,500	
CBL.....		3,900
ASPC.....		1,200
Banc.....		18,600
	<u>1,137,600</u>	<u>1,137,600</u>

Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit:

- (i) Stoic ar 31/12/1999: £61,000.
- (ii) Stoc Páipéarachais ar 31/12/1999 £500.
- (iii) Tá an figiúr ar iompar le roinnt- 90% ar iompar amach agus 10% ar iompar isteach.
- (iv) Tá pá agus tuarastal le roinnt – 60% do oibrithe agus 40% do tharraingtí.
- (v) Tá soláthar in aghaidh dímheasa le déanamh ar an mbealach seo a leanas;
 - Foirgnimh - 2% den chostas
 - Mótarfheithiclí – 20% den chostas
 - Trealamh Oifige – 10% den luach de réir na leabhar.
- (vi) Ní mór soláthar a dhéanamh in aghaidh úis atá dlite ar iasacht théarmach. Is é 10% an ráta in aghaidh na bliana.
- (vii) Bhí fógraíocht ann don bhliain dar chríoch 31/3/2000.
- (viii) Ní mór an soláthar in aghaidh drochfhiacha a choigeartú go dtí 5% d'Fhéichiúnaithe.

Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú

- (a) Cuntas Trádála, agus Cuntas Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/1999. (80)
 - (b) Clár Comhardaithe mar a bheadh ar 31/12/1999. (40)
- (120 marc)**

2. Cuntais Club

San áireamh i measc sócmhainní agus dliteanais Chlub Leadóige “Lions” ar 1/1/1999 bhí siad seo a leanas: - Clubtheach agus Faichí ar chostas £180,000; Trealamh ar chostas £36,000; Éarlais Chumann Foirgníochta £15,000; Stoc Beáir £1,800; Speansais dlite £2,700; Síntiúis réamhíochta £400.

Seo a leanas achoimre d’fháltais agus d’íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31/12/1999:

Fáltais	£	Íocaíochtaí	£
Airgead ar láimh – 1/1/1999	950	Ceannacháin Bheáir	34,600
Ús	750	Ceannach Trealamh	6,000
Síntiúis	28,400	Speansais Ghinearálta	34,400
Díolacháin Bheáir	51,000	Duaiseanna Comórtais	800
Fáltais Fhógraíochta	6,350	Creidiúnaithe Beáir	300
		Iarmhéid Airgid-31/12/1999	<u>11,350</u>
	<u>87,450</u>		<u>87,450</u>

Chuir an cisteoir an t-eolas seo a leanas mar a bhí ar 31/12/1999 ar fáil freisin.

- (i) Ba é £2,200 an Stoc Beáir.
- (ii) Creidiúnaithe Beáir £200.
- (iii) Speanais dlite £1,480.
- (iv) Síntiúis réamhíochta £1,200.
- (v) Trealamh ar láimh ar 31/12/1999 le dímheas de réir 20%.
- (vi) Déan an clubtheach agus cúirteanna a dhímheas ar 2% den chostas.

Iarrtar ort:

- (a) Raiteas a ullmhú a thaispeánfaidh Ciste Camtha an Chlub ar 1/1/1999. (15)
 - (b) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an Chlub a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/1999. (35)
 - (c) Míniú an difríocht idir Cuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cuntas Fáltais agus Íocaíochtaí. (10)
- (60 marc)**

3. Brabús agus Cailteanas Comhlachta Teoranta

Tá Caipiteal Údaraithe 600,000 de Ghnáthscair ar £1 an ceann agus 300,000 Scair Thosaíochta 8% ar £1 an ceann ag de Sutún Tta. Tá 400,000 Gnáthscair agus 200,000 8% Scair Thosaíochta eisithe ag an gComhlacht cheana. Ar 1/1/1999 bhí Iarmhéid de £80,000 i gCuntas Cúlchiste Ginearálta an Chomhlachta. Bhi brabús de £45,000 tugtha ar aghaidh ag de Sutún Tta. ó 1998 agus thaispeáin na cuntais brabús de £140,000 roimh cháin don bhliain dar chríoch 31/12/1999. Íocadh díbhinn eatramhach de 5% do na Sealbhóirí gnáthscaireanna agus díbhinn leath bliana do na Scairshealbhóirí Tosaíochta.

Ar 31/12/1999 mhol na Stiúrthóirí :

- (i) Go n-íocfaí an dhíbhinn tosaíochta dlite.
- (ii) Go n-íocfaí díbhinn chríochnaitheach de 8% ar Ghnáthscaireanna.
- (iii) Go meadófaí an Cúlchiste Ginearálta ar £15,000.
- (iv) Go ndéanfaí soláthar Chánach de £36,000

Iarrtar ort:

- (a) Cuntas Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/1999 a thaispeáint. (35)
 - (b) Clár Comhardaithe a thaispeánann na cuntais ábharthacha a ullmhú tar éis duit na Leithghabhálacha thuas a dhéanamh. (25)
- (60 marc)**

4. Ráiteas Táblach

Taispeánann an Clar Comhairdaithe seo a leanas suíomh M.Ó Siochrú ó thaobh airgid ar 1 Nollaig, 1999.

Clár Comhardaithe mar atá ar 1 Nollaig 1999

Sócmhainní Seasta	£	£	£
Foirgnimh		220,000	
Mótarfheithiclí		<u>70,000</u>	290,000
Sócmhainní Reatha			
Stoc		57,000	
Féichiúnaithe		31,600	
Banc		<u>9,400</u>	
		98,000	
Lúide: Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain			
Creidiúnaithe	36,000		
Speansais dlite	<u>2,000</u>	<u>38,000</u>	<u>60,000</u>
			<u>350,000</u>
Maoinithe Ag:			
Caipíteal			<u>350,000</u>
			<u>350,000</u>

Tharla na gnóthaí seo a leanas le linn na Nollag 1999:

- Nollaig 4 £ 650 a fuarthas ó Fhéiciúnai mar lánghlanadh féich de £ 700.
6 Íoctha le seic, Iarmhéid chuntas na bhFéichiúnaithe de £ 1,800 agus Lascaine de £ 60 a fuarthas.
8 Díolta ar cairde ar £ 2,600, earraí ar chostas £ 1,900.
10 Speansais dlite a íocadh ag tús na míosa.
14 Mótarfheithicil a ceannaíodh ar £ 12,000. Íocadh éarlais de £ 2,000 ar seic, agus fuarthas an fuilleach ar iasacht ó chomhlacht airgeadais.
17 Breithníodh ina fheimheach é féichiúnaí a raibh £ 800 d'fhiacha air agus d'íoc sé 40p sa £ 1.
21 Earraí ceannaithe ar cairde ar £ 4,000.

Iarrtar ort:

An éifeacht a bhí ag gach ceann de na gnóthaí thuas ar na sócmhainní agus na dliteanais ábharthacha a thairfead ar ráiteas táblach agus na sócmhainí agus dliteanais iomlána ar 31 Nollaig 1999 a thaispeáint. **(60 marc)**

5. Míniú ar Chuntais

Tógadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Sabhaois Tta. don bhliain dar chríoch 31/12/1999

Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/1999

	£	£
Díolacháin Creidmheasa		600,000
<i>Lúide:</i> Costas Díolachán		
Stoc 1/1/1999	48,000	
Ceannacháin	?	
<i>Lúide:</i> Stoc 31/12/1999	<u>52,000</u>	<u>?</u>
Ollbhrabús		150,000
<i>Lúide:</i> Speansais Iomlán		<u>87,000</u>
Glanbrabús		<u><u>63,000</u></u>

Clár Comhardaithe mar a bhí 31/12/1999

	£	£
Sócmhainní Seasta		290,000
Sócmhainní Reatha (agus Creidiúnaithe £30,000)	84,000	
<i>Lúide: Creidiúnaithe:</i> suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain.		
Creidiúnaithe Trádála	<u>56,000</u>	<u>28,000</u>
		<u><u>318,000</u></u>
Maoinithe Ag:		
Creidiúnaithe: suimeanna dlite i ndiaidh níos mó ná 1 bhliain.		
Bintiúir 12% (2006/2008)		80,000
Caipiteal agus Cúlchiste		
Gnathscair		175,000
Cuntas Brabúis agus Cailteanais		<u>63,000</u>
		<u><u>318,000</u></u>

(a) **Iarrtar ort :**

1. Na Ceannacháin a ríomhadh.
2. Lámhdeachas an Stoic a ríomhadh.
3. An Tréimhse Creidmheasa a thugtar do Fheiciúnaithe a ríomhadh.
4. Cóimheas Phromhadh na hAigéide a ríomhadh. (40)

(b) **Mínigh iad seo a leanas:**

1. Bintiúir 12% (2006/2008)
2. Díbhinn Tosaíochta.
3. An Toradh ar an gCaipiteal a úsáideadh.
4. Cistí Scairshealbhóirí. (40)

(c) An mbeadh deacracht ag an ngnólacht thuas a chuid billí a íoc mar bheadh siad dlite? Luaigh fáthanna le do fhreagra. (10)

(d) Más é 12% an toradh ar an gcaipiteal a úsáideadh i **1998** tabhair cuntas ar indéantacht brabúis reatha an ghnóilachta. (10)

(100 marc)

6. (a) **Ráiteas Imréitigh Bainc**

Leagtha amach thíos tá Cuntas Bainc agus Ráiteas Bainc P. Mac Shim do mhí na Bealtaine, 2000.

Cuntas Bainc					
£			£		
Bealtaine 1	Iarmhéid Síos	2,650	Bealtaine 3	R. Mac Cathasaigh 020101	1,550
Bealtaine 9	Díolacháin Taiscthe	1,600	Bealtaine 5	Rátaí 020102	1,050
Bealtaine 17	Díolacháin Taiscthe	880	Bealtaine 8	S.Ó Faoláin 020103	840
Bealtaine 30	Díolacháin Taiscthe	2,200	Bealtaine 12	S. Ó Cuilinn. 020104	540
			Bealtaine 18	S. Ó Gráda 020105	460
			Bealtaine 31	Iarmhéid ar aghaidh	<u>2,890</u>
		<u>£7,330</u>			<u>£7,330</u>

Ráiteas Bainc ar 31/5/2000

	Dochar	Sochar	Iarmhéid
	£	£	£
Bealtaine 1	Iarmhéid Síos		2,650
Bealtaine 3	Ús a fuarthas	130	2,780
Bealtaine 5	020101 – R. Mac Cathasaigh	1,550	1,230
Bealtaine 7	020102 – Rátaí	1,050	180
Bealtaine 10	Taisceadh	1,600	1,780
Bealtaine 13	020103 – S.Ó Faoláin	840	940
Bealtaine 16	S.Ó Brádaigh (R/D a obadh)	230	710
Bealtaine 18	Taisceadh	880	1,590
Bealtaine 23	Táillí bhainc	22	1,568
Bealtaine 25	Buanordú	450	1,118
Bealtaine 28	T. O Súilleabháin	310	808

Déan nóta de: Trí earráid a cuireadh do dhochar go Cuntas Mhic Shim an £310 a bhí iontráilte i Ráiteas bainc ar Bealtaine 28, seachas é a chur i gcuntas Samsún.

Iarrtar ort :

- (a) An Cuntas Bainc coigeartaithe de chuid P. Simpson a thaispeáint i bhfoirm Mórleabhair agus an t-iarmhéid a thabhairt anuas. (25)
- (b) Ráiteas a ullmhú ar 31/5/2000 ag réiteach Iarmheid an Chuntais Bhainc coigeartaithe leis an Iarmhéid den Ráiteas Bainc. (25)
- (50 marc)**

(b) **Cuntais Stiúrtha Feichiúnaithe is Creidiúnaithe**

Tógadh na figiúirí seo a leanas as leabhair M. Mhic Suibhne i rith Márta 2000:

	£
Iarmhéid Mhórleabhar na gCreidiúnaithe 1/3/2000	72,500
Iarmhéid Mhórleabhar na bhFeichiúnaithe 1/3/2000	61,800
Lascaine a fuarthas	3,850
Aischur isteach	1,400
Billí iníoctha a glacadh	2,600
Ceannacháin (agus ceannacháin airgid £7,300 san áireamh)	97,300
Díolacháin (agus Díolacháin airgid £28,500 san áireamh)	132,500
Lascaine nár ceadáíodh do M. Mac Suibhne.	400
Ús a ghearr Mac Suibhne ar chuntais thar téarma	320
Airgead a íocadh le soláthraithe	66,000
Seiceanna a fuarthas ó chustaiméirí	76,400
Seiceanna a fuarthas agus a obadh	670
Drochfhíacha a cuireadh ar ceal	180
Aistriú ó Mhórleabhar na bhfeichiúnaithe go dtí Mórleabhar na gCreidiúnaithe	450
Iarmhéid Sochair Mhórleabhar na bhFeichiúnaithe ar 31/3/2000	260 sr
Iarmhéid dochair Mhórleabhar na gCreidiúnaithe ar 31/3/2000	390 dr

Iarrtar ort:

Cuntas Stiúrtha Mhórleabhar Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe a ullmhú do Mhárta 2000.

(50 marc)

7. Raiteas Insreabhadh Airgid

Tógadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Mhic Sandair Tta.

Ráiteas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/1999

	£
Brabús Oibriúcháin	105,000
Ús íochta	<u>(5,000)</u>
	100,000
Cáin	<u>(35,000)</u>
	65,000
Díbhinn Mholta	<u>(25,000)</u>
Brabús Choinnithe don bhliain	40,000
Iarmhéid Brabúis is Caillteanais 1/1/1999	<u>80,000</u>
Iarmhéid Brabúis is Caillteanais 31/12/1999	<u><u>120,000</u></u>

Clár Comhardaithe mar a bhí ar		31/12/1999		31/12/1998
	£	£	£	£
Sócmhainní Seasta				
Talamh agus Foirgnimh	380,000		330,000	
Lúide Soláthar le haghaidh dímheasa	<u>80,000</u>	300,000	<u>70,000</u>	260,000
Sócmhainní Reatha				
Stoc	108,000		85,000	
Féichiúnaithe	44,000		39,000	
Airgead	<u>8,000</u>		<u>10,000</u>	
	<u>160,000</u>		<u>134,000</u>	
Lúide: Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin				
Creidiúnaithe	30,000		54,000	
Cáin	35,000		18,000	
Díbhinn mholta	<u>25,000</u>		<u>12,000</u>	
	<u>(90,000)</u>		<u>(84,000)</u>	
Sócmhainní Reatha Glan		<u>70,000</u>		<u>50,000</u>
Sócmhainní Iomlán Glan		<u><u>370,000</u></u>		<u><u>310,000</u></u>
Maoinithe ag:				
Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin				
Bintiúir 10%		20,000		50,000
Airgead agus Cúlchiste				
Caipiteal Gnáthscar eisithe		230,000		180,000
Cuntas Brabúis agus Caillteanais		<u>120,000</u>		<u>80,000</u>
		<u><u>370,000</u></u>		<u><u>310,000</u></u>

Iarrtar ort:

- (a) An brabús oibriúcháin a réiteach leis an insreabhadh glan airgid ó imeachtaí oibriúcháin. (30)
- (b) Insreabhadh airgid Mhic Sandair Tta. a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/1999 faoi na ceannteidil seo a leanas:
- (1) Imeachtaí Oibriúcháin.
 - (2) Toradh ar infheistíocht.
 - (3) Cánacha.
 - (4) Imeachtaí infheistíochta.
 - (5) Maoiniú.

(70)
(100 marc)

ROINN 3 (80 marc)
Freagair ceist **AMHÁIN**

8. Costasaíocht: Costas – Toirt – Brabús (Costasaíocht Imeachallach)

Déanann Mumhan Tta. táirge a dhíolann sé ar £20 an t-aonad. Díoltar na hearrai go léir a thairgítear agus dá bhrí sin ní bhíonn aon stoc den táirge ar lámha riamh. Tugann anailís costasaíochta chun solais:

Gurb é £ 11 an t-aonad suim na gcostas malartach.
Go mbeidh £6,000 costais sheasta ann don tréimhse.

Iarrtar ort:

- (a) An deonachán i leith gach earra a dhíoltar a ríomhadh.
- (b) An sroichte cothromaíochta in aonaid a ríomhadh don táirge seo agus úsáid á bhaint agat as na sonraí thuas.
- (c) Ráiteas costasaíochta imeallaí a ullmhú a thaispeánfaidh an Brabús/Caillteanas ar na leibhéil táirgíochta seo a leanas:
 - 1. 800 aonad
 - 2. 1,120 aonad
 - 3. 1,400 aonad
 - 4. 1,800 aonad
- (d) Ríomh an leibhéal táirgíochta agus díolacháin a thabharfaidh brabús £9,500.
- (e) Ríomh an t-imeall Sábháltachta in aonaid agus in ioncam díolachán i (d) thuas. **(80 marc)**

9. Buiséadacht Airgid

Bhí na Sócmhainní, Dliteanais agus an Caipiteal seo a leanas ag W. Ó Sochlacháin ar 1 Eanáir 1999.

Sócmhainní	£
Sócmhainní Seasta	110,000
Stoc	7,800
Féichiúnaithe	32,000
Airgead	<u>1,400</u>
	<u>151,200</u>
Dliteanais	
Creidiúnaithe	44,200
Caipiteal	<u>107,000</u>
	<u>151,200</u>

Is iad seo a leanas na díolacháin agus na ceannacháin a bhfuiltear ag súil leo don chéad 5 mhí seo chugainn:

	Eanáir	Feabh	Már	Aib	Beal	Iomlán
Díolacháin	£75,000	£72,000	£80,000	£90,000	£85,000	402,000
Ceannacháin	£52,000	£54,000	£60,000	£66,500	£70,000	302,500

Tá na díolacháin go léir ar cairde agus íoctar astu mí amháin i ndiaidh an díolacháin.

Tá na ceannacháin go léir ar cairde cé is móite de £20,000 i mBealtaine, agus íoctar astu mí amháin i ndiaidh an cheannacháin.

Tá an áitreabh ar cíos ag Sochlacháin ar £9,600 in aghaidh na bliana a bhíonn le híoc gach aon mhí.

Beidh pá £4,500 ann in aghaidh na míosa.

Ceannaíodh trealamh i mBealtaine ar £5,000.

Táthar ag súil le £16,800 stoc deiridh ar 31/5/1999.

Táthar ag súil le £82,000 glan-bhrabús don 5 mhí.

Iarrtar ort seo a leanas a ullmhú:

- (a) Buiséad Airgid a thaispeánfaidh na fáiltais agus na híocaíochtaí míosúla a bhfuil Ó Sochlacháin ag súil leo don chúig mhí, Eanáir go Bealtaine.
- (b) Clár Comhardaithe Buiséadaithe mar a bheadh ar 31/5/1999. **(80 marc)**